# Fréamhacha Abairtí don Amharc-Ealaín/ Ealaín

Oide

Tá fréamhacha abairtí úsáideach chun tacú le scoláirí agus iad ag scríobh faoin ealaín. Is féidir leo feidhmiú mar leideanna chun freagairtí tuisceanacha agus criticiúla a thosú. Seo a leanas roinnt fréamhacha abairtí féideartha le bheith ag scríobh faoin ealaín:

| Cur síos | Anailís/ Meastóireacht Chriticiúil |
|---|---|
| Is féidir cur síos a dhéanamh ar ábhar an tsaothair ealaíne seo mar ...<br>Gné ealaíne amháin a sheasann amach dom sa saothar ealaíne seo is ea ...<br>Tarraingítear m'aird ar .... sa saothar ealaíne.<br>Is é an cur síos a dhéanfainn ar an ngiúmar gur ...<br>Chuirfinn síos ar an íomháineachas mar ...<br>Is iad ... na meáin agus na hábhair a úsáidtear sa saothar ealaíne seo<br>Is é tulra / lár / cúlra an tsaothair ealaíne ...<br>Is é ... suíomh an tsaothair ealaíne seo agus insíonn sé sin dom go ...<br>Is é ... scála an tsaothair ealaíne seo<br>Tá stíl .... i gceist sa saothar ealaíne<br>I measc na saincheisteanna a chuirtear in iúl sa saothar ealaíne tá ...<br>Chun an saothar ealaíne seo a chruthú, d'áireofaí ... i bpróiseas an ealaíontóra | Tugann úsáid an tsiombalachais sa phíosa seo le fios go ...<br>Tríd an úsáid a bhaineann an t-ealaíontóir as ... (ainm teicníc ar leith), cuirtear in iúl ...<br>Trí ghnéithe ealaíne ar leith a chur taobh le taobh, mar shampla (...)  cruthaítear mothú nó braistint ...<br>Tugann an saothar ealaíne seo dúshlán coinbhinsiúin ealaíne traidisiúnta trí ...<br>Trí spás diúltach a úsáid sa saothar ealaíne seo...<br>Cuirtear teachtaireacht an ealaíontóra sa saothar ealaíne seo in iúl trí ...<br>Creidim go bhfuil an t-ealaíontóir ag tabhairt dúshlán nó ag ceistiú ... sa saothar ealaíne seo trí ...<br>Is é ... an téama is mó sa phíosa ealaíne seo<br>Léiríonn na dathanna a úsáidtear sa saothar ealaíne seo tuiscint / braistint ...<br>Is ...  an úsáid a bhaineann an t-ealaíontóir as ... |

| Freagra / Machnamh Pearsanta |
|---|
| Tugann teideal an tsaothair ealaíne seo le fios ...<br>Cuireann an saothar ealaíne seo ... i gcuimhne dom mar gheall ar ...<br>Nuair a chonaic mé an saothar ealaíne seo den chéad uair, is é an rud a chuaigh i gcion orm ...<br>I mo thuairim, chruthaigh an t-ealaíontóir braistint ... sa saothar ealaíne mar gheall ar....<br>I mo thuairim, i measc na smaointe a chuireann an obair seo in iúl tá ...<br>Tugann scála an tsaothair ealaíne orm smaoineamh faoi ...<br>Tríd is tríd, tá / níl dáimh agam leis an saothar ealaíne seo de bhrí go ...<br>Go pearsanta, taitníonn/ní thaitníonn an saothar ealaíne seo liom ar na cúiseanna seo a leanas....<br>Is cosúil gurb í intinn an ealaíontóra leis an bpíosa seo...<br>Spreagann rogha ábhair an ealaíontóra mé chun machnamh a dhéanamh ar ...<br>Is iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le saothar ealaíne mar seo a chruthú go ...<br>Spreagann an saothar ealaíne seo an lucht féachana ...<br>Éiríonn / Ní éiríonn leis an saothar ealaíne seo a theachtaireacht a chur in iúl mar ... |

Is féidir na habairtí seo a chur in oiriúint agus a chomhcheangal chun freagairtí ar ealaín a chruthú mar aon le hanailís chriticiúil agus machnamh tuisceanach a spreagadh. Níl an liosta fréamhacha abairtí seo cinntitheach ná uileghabhálach.  Moltar duit do chruthaitheacht a úsáid agus na fréamhacha seo a oiriúnú de réir mar is gá chun freastal ar do riachtanais agus do chomhthéacs aonair.